



## AICMIÚ COITEANN D'AONAIÐ CHRÍOCHACHA AR MHAITHE LE STAIÐREAMH (NUTS)

Tá aicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh, ar a dtugtar 'NUTS', curtha ar bun ag an Aontas chun bailiú, forbairt agus foilsiú staidrimh réigiúnaigh chomhchuibhithe a éascú in AE. Baintear úsáid an córas ordlathach freisin le haghaidh anailísí socheacnamaíocha a dhéanamh ar na réigiúin agus ar idirghabhálaithe a leagan amach i gcomhthéacs bheartas comhtháthaithe AE.

### BUNÚS DLÍ

Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003, arna leasú roinnt uaireanta (in 2005, 2008, 2013 agus 2017), ar aontachas Ballstát nua le AE den chuid is mó de. Leis an leasú is déanaí in 2017, rinneadh athruithe lena mbaineann tábhacht níos bunúsaí tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) aitheantas dlíthiúil do thípeolaíochtaí chríochacha a bhunú chun críche staitisticí Eorpacha; (2) na croí-shainmhínithe agus na critéir staitistiúla a leagan síos i dtaca leis na típeolaíochtaí chríochacha éagsúla; (3) cur i bhfeidhm comhchuibhithe agus trédhearcach na dtípeolaíochtaí chríochacha a áirithiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sna Ballstáit; agus (4) tarmligean cumhachtaí chuig an gCoimisiún a shoiléiriú.

Rinneadh na hlarscríbhinní a oiriúnú roinnt uaireanta freisin trí Rialacháin ón gCoimisiún; glacadh an nuashonrú is déanaí i mí na Samhna 2016, agus tugadh aghaidh ar athruithe ar fhoroinnt chríochach riaracháin roinnt Ballstát. Tá sé infheidhme ón 1 Eanáir 2018 maidir le sonraí a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat).

### CUSPÓIRÍ

Is bunchloch de chóras staidrimh AE iad staitisticí réigiúnacha agus is bunús iad do shainiú táscairí réigiúnacha. Rinneadh cineál na staitisticí a shuí ag tús na 1970aidí ar bhonn na gcaibidlíochtaí idir comhlachtaí staidrimh náisiúnta na mBallstát agus Eurostat, oifig staidrimh an Aontais Eorpaigh.

Tá gá méadaitheach le comhchuibhiú ar fud an Aontais curtha in iúl ag úsáideoirí staitisticí chun go dtabharfaí rochtain dóibh ar shonraí inchoimparáide do AE ar fad. Chun bailiú, tarchur agus foilsiú staitisticí réigiúnacha comhchuibhithe a éascú, tá córas aicmithe NUTS curtha ar bun ag AE.

Leis an gcreat dlíthiúil aonair arna chruthú ar an gcaoi sin le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, áirithítear cobhsaíocht na staitisticí réigiúnacha le himeacht ama.



## STRUCHTÚR

Foroinneann aicmiú NUTS críoch eacnamaíoch na mBallstát, lena n-áirítear a gcríoch lasmuigh dá réigiún féin. Tá sé déanta suas de chodanna den chríoch eacnamaíoch nach féidir a mheas mar chuid de réigiún ar leith; aerspás, uiscí teorann agus an scairbh ilchríochach, iamhchríocha (ambasáidí, consalachtaí agus bunáiteanna míleata), agus fosuithe acmhainní atá lonnaithe in uiscí idirnáisiúnta agus ar saothraíonn aonaid laistigh den chríoch iad.

Chun go mbeidh staitisticí réigiúnacha inchomparáide, ní mór limistéir gheografacha a bheith ar mhéid inchomparáide freisin ó thaobh daonra de. Tá a staid pholaitiúil, riaracháin agus institiúideach le sonrú freisin. Más gá, caithfidh aonaid neamhriaracháin cúinsí eacnamaíocha, sóisialta, stairiúla, cultúrtha, geografacha nó comhshaoil a léiriú freisin.

Tá aicmiú NUTS ordlathach sa tslí go bhforoinneann sé gach Ballstát ina thrí leibhéal: NUTS 1, NUTS 2 agus NUTS 3. Is fo-rannóga iad an dara agus an tríú leibhéal den chéad agus den dara leibhéal. Is féidir le Ballstát a chinneadh leibhéil bhreise a chur leis an ordlathas trí leibhéal NUTS 3 a fhoroinnt.

## FEIDHMIÚ

### A. Sainmhíniú

Tá sainmhíniú na n-aonad críochach bunaithe ar na haonaid riaracháin atá ann cheana sna Ballstáit. Is limistéar geografach é aonad riaracháin dá gcumhachtaítear údarás riaracháin chun cinntí riaracháin nó straitéiseacha a ghlacadh, i gcomhréir le creat breithiúnach agus institiúideach an Bhallstáit lena mbaineann.

Liostaítear roinnt de na haonaid riaracháin atá ann cheana a úsáidtear do cheanglais aicmiú ordlathach NUTS in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003. Samplaí díobh sin ná:

1. NUTS 1: 'Gewesten/Régions' sa Bheilg; 'Länder' sa Ghearmáin; 'Continente', 'Região dos Açores' agus 'Região da Madeira' sa Phortaingéil; 'Alba, an Bhreatain Bheag, Tuaisceart Éireann' agus 'Réigiúin Oifigí Rialtais Shasana' sa Ríocht Aontaithe.
2. NUTS 2: 'Provincies/Provinces' sa Bheilg; 'Comunidades y ciudades autónomas' sa Spáinn; 'Régions' sa Fhrainc; 'Länder' san Ostair;
3. NUTS 3: 'Amtskommuner' sa Danmhairg; 'départements' sa Fhrainc; 'län' sa tSualainn; 'megyék' san Ungáir; 'kraje' i bPoblacht na Seice; 'oblasti' sa Bhulgáir.

Córas aonad riaracháin áitiúil (LAUnna) lena chomhlánaítear aicmiú NUTS. Is bunchlocha NUTS iad na LAUnna agus áirítear bardais agus pobail an Aontais Eorpaigh iontu: i ngach Ballstát, déantar leibhéal NUTS 3 a fhoroinnt le LAUnna i leibhéal amháin nó dhá leibhéal eile d'aonad críche. Thairis sin, déantar aicmiú NUTS a chomhlánú le greillí staitistiúla, mar a thugtar orthu, agus baintear úsáid as na greillí staitistiúla sin chun típeolaíochtaí daonra-bhunaithe críochacha a ríomh. Ní mór don Choimisiún (Eurostat) típeolaíochtaí Aontais atá comhdhéanta d'aonaid chríochacha



ar leibhéal NUTS, ar leibhéal LAU agus ar leibhéal na ngreillecheall a choinneáil ar bun agus a fhoilsiú ar an gcuid tiomnaithe sin dá shuíomh gréasáin.

## B. Tairseacha

Cinntear leibhéal NUTS d'aonad riaracháin ar bhonn na dtairseach déimeagrafach:

Leibhéal	Iosmhéid	Uasmhéid
<b>NUTS 1</b>	3 mhilliún	7 milliún
<b>NUTS 2</b>	800 000	3 mhilliún
<b>NUTS 3</b>	150 000	800 000

Má tá daonra Ballstáit ina iomláine faoin tairseach fosta do leibhéal NUTS, is ionann an Ballstát sin agus aonad críochach NUTS ar an leibhéal sin.

Mura bhfuil aonad riaracháin ar mhéid leordhóthanach i mBallstát, bunaítear an leibhéal trí chomhiomlánú a dhéanamh ar líon leordhóthanach d'aonaid riaracháin chomhtheagmhálacha níos lú. Tugtar 'aonaid neamhriaracháin' ar na haonaid chomhtheagmhálacha sin.

## C. Leasuithe

Is féidir leasuithe ar aicmiú NUTS a ghlacadh sa dara leath den bhliain féilire, gach trí bliana ar a mhinice. Mar sin féin, má dhéantar atheagrú suntasach ar struchtúr ábhartha riaracháin Ballstáit, féadfar leasuithe a ghlacadh níos minice ná sin. Ní mór do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le haon athrú ar na haonaid riaracháin nó aon athruithe eile a d'fhéadfadh éifeacht a bheith acu ar aicmiú NUTS (mar shampla athruithe ar na comhpháirteanna a d'fhéadfadh éifeacht a bheith acu ar na teorainneacha do leibhéal NUTS 3).

Athróidh athruithe ar aonaid riaracháin bheaga aicmiú NUTS má tá baint ag aistriú daonra de níos mó ná 1% leo do na haonaid riaracháin NUTS 3 atá i gceist.

Do na haonaid neamhriaracháin de chuid Ballstáit, is féidir aicmiú NUTS a leasú i gcás ina laghdaíonn an t-athrú diall caighdeánach mhéid na n-aonaid críochach AE uile (ó thaobh an daonra de).

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Sa bhreis ar a ról i dtaca le grinnscrúdú a dhéanamh ar athruithe beartaithe an Choimisiúin ar an aicmiú, tá curtha i dtreis ag an bParlaimint roinnt uaireanta go bhfuil gá le haird ar leith a thabhairt ar ghnéithe áirithe, amhail an chaoi a bpléitear le haonaid riaracháin níos lú. Le bunú leibhéal NUTS d'aonaid riaracháin níos lú, beifear in ann an staid reatha a chur san áireamh ar bhonn níos iomláine agus difríochtaí a sheachaint, go háirithe ós rud é go n-aicmítear eintitis réigiúnacha atá an-dhifriúil ó thaobh an daonra de ar an leibhéal NUTS céanna.

In 2017, le linn an nós imeachta leasaithe is déanaí don Rialachán, ina cáil mar chomhreachtóir, thacaigh an Parlaimint leis an togra ón gCoimisiún maidir le Rialachán NUTS a ghlacadh (i dtaobh na dtípeolaíochtaí críochacha a áirítear ann) d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le sonraí i gcomhthéacs an chomhtháthaithe agus na forbartha críochaí, ar gá é a bhfuil méadú ag teacht air.



Diána Haase  
05/2019

